# Fíorú Meánfhaighteoirí maidir le Gníomhacha Míosúla

## Soláthraithe Seirbhísí Óstála

**Réamhrá**
I gcomhréir le Cuid 1 den Phróiseas Réitigh Tobhaigh arna fhoilsiú ag Coimisiún na Meán (an '**Coimisiún**'), déanfaidh an Coimisiún fíorú Meánfhaighteoirí maidir le Gníomhacha Míosúla ('**AMARanna**') mar a leagtar amach thíos.

Tar éis ráiteas soláthraí a fháil lena ndeimhnítear AMARanna Logáilte isteach (a '**Ráiteas AMARanna**'), déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Ráiteas AMARanna chun a dheimhniú dó féin go bhfuil a líon AMARanna Logáilte isteach taifeadta go cruinn ag an soláthraí.

Tá teimpléad do Ráiteas AMARanna i gceangal le Foscríbhinn A a ghabhann leis seo. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le forálacha an ordaithe tobhaigh ábhartha, a cheangal ar sholáthraí cóipeanna de na taifid sin atá ábhartha maidir le tobhach a ríomh agus a íoc a thabhairt don Choimisiún, nó cead a thabhairt don Choimisiún (nó d'ainmnitheach) na taifid sin a iniúchadh, lena n-áirítear taifid atá ábhartha maidir le Ráiteas AMARanna soláthraí a ullmhú, ar taifid iad a cheanglaítear ar sholáthraí a choinneáil de bhun an ordaithe tobhaigh ábhartha.

**Amlíne**

Maidir leis an bpróiseas réitigh tobhaigh le haghaidh na tréimhse tobhaigh ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026, iarraimid ar gach soláthraí a Ráiteas AMARanna a chur isteach faoin 30 Meitheamh 2026 chuig levy@cnam.ie.

Ba cheart fiosruithe i ndáil leis an méid thuas a chur chuig an gCoimisiún ag levy@cnam.ie.



Public

## FOSCRÍBHINN A – Teimpléad maidir le Ráiteas AMARanna atá le líonadh isteach ag stiúrthóir de chuid an tsoláthraí

Stiúrthóir Airgeadais agus Soláthair
Coimisiún na Meán
1 Foirgnimh Shíol Bhroin,
Bóthar Shíol Bhroin
D04 NP20
Éire

[Dáta]

A Uasail XXX, a chara,
Re: [Ainm an tSoláthraí] (‘an Chuideachta’)

I gcomhréir le d’iarraidh dar dáta [dáta] soláthraímid an Ráiteas maidir le Meánfhaighteoirí Gníomhacha Míosúla (‘AMARanna’) le haghaidh na tréimhse lena gcumhdaítear [luaigh an tréimhse] i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de I.R. Uimh. 602 de 2025, an tOrdú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (Alt 21), 2025 (‘an tOrdú Tobhaigh’).

Deimhnímid go bhfuil AMARanna atá logáilte isteach, mar atá luaite thíos, i gcomhréir leis na téarmaí mar a d'iarr tú agus de réir fhorálacha an Ordaithe Tobhaigh.

| | |
|---|---|
| **Ainm gach seirbhíse óstála ar líne i dteannta líon mheánfhaighteoirí gníomhacha míosúla (AMARanna) na seirbhíse sin sa tréimhse sé mhí suas go dtí an 17 Lúnasa 2025, de réir Sceideal 8 den Ordú Tobhaigh. Soláthair an líon i leith faighteoirí atá logáilte isteach.** | |
| **Soláthair sainmhíniú ar fhaighteoirí gníomhacha na seirbhíse.** | |
| **Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar bailíodh na AMARanna thuas, lena n-áirítear modheolaíochtaí ríomha agus rianaithe.** | |

Mise le meas,

Stiúrthóir



Public